An Roinn Coimirce Sóisialaí
Department of Social Protection
www.welfare.ie

Tionscnamh Cistithe ar son Lá Idirnáisiúnta na Náisiún Aontaithe maidir le Díothú na Bochtaineachta 17 Deireadh Fómhair 2012

Ón mbliain 1992 i leith tá an 17 Deireadh Fómhair ceaptha ag na Náisiúin Aontaithe mar an Lá Idirnáisiúnta maidir le Díothú na Bochtaineachta.

Tá méid teoranta cistithe ar fáil ón Roinn Coimirce Sóisialaí chun tacú le grúpaí frithbhochtaineachta a deagródh gníomhaíochtaí áitiúla, réigiúnacha nó náisiúnta chun feasacht a chothú ar Lá Idirnáisiúnta na Náisiún Aontaithe maidir le Díothú na Bochtaineachta. Is é €30,000 an ciste iomlán a bheidh ar fáil chuige sin sa bhliain 2011. Meastar go maoineofar tuairim is 10 dtionscadal trasna na tíre leis an gciste sin.

Eagraíochtaí frithbhochtaineachta agus grúpaí a thacaíonn ar leibhéal náisiúnta nó áitiúil le daoine atá buailte leis an mbochtaineacht, is dóibhsean an cistiú seo.

<u>NÍ</u> ghlacfaidh an Roinn Coimirce Sóisialaí le hiarratais ó chuideachtaí a dhéanann brabús ná ó chuideachtaí tráchtála, ó dhaoine aonair, ó chuideachtaí forbartha áitiúla ná pobail, ó údaráis áitiúla ná ó chomhlachtaí reachtúla ná ó chomhlacht ar bith lasmuigh de Phoblacht na hÉireann.

<u>Conas is féidir an cistiú a chaitheamh?</u>
Ar thionscnaimh aon uaire a bhfuil fócas náisiúnta/réigiúnach nó áitiúil acu agus a fhéachann le:

- **feasacht an phobail a chothú ar Lá Idirnáisiúnta NA maidir le Díothú na Bochtaineachta;**
- **feasacht a chothú i measc an phobail ar an mbochtaineacht in Éirinn;**
- **daoine atá i mbaol bochtaineachta nó atá buailte leis an mbochtaineacht a mhealladh le bheith bainteach leis;**
- **dlúthpháirtíocht a chur in iúl leis an troid chun deireadh a chur leis an mbochtaineacht ar fud an domhain.**

Agus cistiú á bhronnadh, áireofar raon leathan gníomhaíochtaí nó cumasc de ghníomhaíochtaí, lena n-áirítear:

Imeachtaí:-

- **Taispeántais;**
- **Tionscnaimh ealaíonta agus cultúrtha;**
- **Imeachtaí sna meáin.**

Foilseacháin:-

- **Bileoga;**
- **Póstaeir;**
- **Cártaí poist.**

NÍ MÓR na gníomhaíochtaí a reáchtáil an 17 Deireadh Fómhair 2012 nó thart ar an lá sin

<u>Conas nach féidir an cistiú a chaitheamh?</u>
Ní féidir cistiú na scéime a chaitheamh ar:

- **Tuarascálacha bliantúla, nuachtlitreacha ná ábhair thionscnaimh eile;**
- **Comhdhálacha bliantúla;**
- **Taighde nó anailís bheartais;**
- **Costais tuarastail na príomhfhoirne;**
- **Costais tionscadail ná costais reatha aon ghrúpa;**
- **Obair atá déanta cheana féin.**

<u>Le déanamh</u>
Chun foirm iarratais agus tuilleadh eolais a fháil ar Lá Idirnáisiúnta na Náisiún Aontaithe maidir le Díothú na Bochtaineachta ag www.socialinclusion.ie

Iarrtar ort a nótáil gurb é 12 meán lae Dé Céadaoin an 25 Aibreán 2012 an t-am agus an lá deiridh d'iarratais.

An Rannóg um Chuimsiú Sóisialta
An Roinn Coimirce Sóisialaí
Teach Gandon, Urlár 1
Sráid Amiens
Baile Átha Cliath 1